Meitheamh 2024
An Dr Bernie O'Donoghue Hynes
agus Robert Keane




## Rialtas Áitiúil 2023

# Tuarascáil maidir le **Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide**

CARO

LGMA
An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government Management Agency

CCMA
Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

Tuarascáil an Rialtais Áitiúil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar Son na hAeráide 2023

Meitheamh 2024

Taighde Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
ISBN:  978-1-911692-13-3

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas::

O'Donoghue Hynes, B. agus Keane, R. (2024)
Tuarascáil an Rialtais Áitiúil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú
ar Son na hAeráide 2023
Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

CARO

LGMA
Local Government
Management Agency

# Buíochas

Is mian leis na húdair buíochas a ghabháil le baill Ghrúpa Oibre an Phríomhtháscaire Feidhmíochta (PTF) um Ghníomhú ar son na hAeráide a thacaigh le bailiú agus léirmhíniú na sonraí. Gabhaimid buíochas freisin le foireann an údaráis áitiúil as na suirbhéanna a chomhlánú agus na sonraí a cuireadh isteach a fhíorú.

Tá buíochas ag dul d'fhoireann Fhiontraíocht Éireann, Grúpa Seirbhísí Líonra Oiliúna an Údaráis Áitiúil, agus Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) a chuir isteach sonraí agus a d'fhreagair ceisteanna.

Bhí ról lárnach ag foireann Láraonad Sonraí GBRÁ i léiriú na sonraí ó údaráis áitiúla trína n-uirlis suirbhé. Is mór againn an méid a rinne siad, mar aon leis an obair atá ar siúl acu faoi láthair chun na sonraí a bailíodh a amharcléiriú.

## Ballraíocht i nGrúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023:

- Pat Kennedy, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, (Cathaoirleach)
- Breda Maher, CARO an Oirthir agus Lár Tíre (Bainisteoir Tionscadail)
- Bernie O'Donoghue Hynes, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Anthony McNamara, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Alex Grassick, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Chiarraí
- Tina Ryan, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae na Gaillimhe
- John Mc Nally, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Tacaíocht:

- Eibhlin Smith, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide san Oirthear agus i Lár na Tíre (CARO) (Tacaíocht Riaracháin)
- Rob Keane, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Holly Morrin, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)

# Brollach

Is í seo an dara bliain a d'fhoilsigh earnáil an rialtais áitiúil tuarascáil bhliantúil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá faisnéis inti a bhaineann le dul chun cinn ar fud na bpríomhghníomhartha atá á gcur ar fáil chun dul i ngleic le hathrú aeráide agus é a mhaolú, agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta i measc páirtithe leasmhara. Déanann na PTFanna monatóireacht freisin ar cibé an bhfuil an bonneagar riachtanach i bhfeidhm chun gealltanais na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide a chomhlíonadh.

Léiríonn an tuarascáil an cur chuige tras-rannach atá ag údaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí aeráide. Áirítear leis seo rannpháirtíocht na foirne ó gach gné d'obair an údaráis áitiúil ar Fhoirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Léiríonn an tuarascáil go raibh croífhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil den chéad uair in 2023. Cé gurb fhorbairt dhearfach é seo, is dócha gur dúshlán é do roinnt údaráis áitiúla a bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a chothú, mar gheall ar athruithe foirne agus ar fhadhbanna earcaíochta ar fud neart réimsí feidhme. In ainneoin seo, áfach, tháinig méadú ar líon iomlán na mball foirne de chuid an údaráis áitiúil atá ina mball d'Fhoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023 i gcomparáid leis na blianta roimhe seo, agus tháinig méadú ar líon na gcruinnithe foghrúpa freisin, rud a léiríonn méadú ar ghníomhaíocht iomlán thar na réimsí oibre go léir.

Tá oiliúint ar athrú aeráide ar fáil do chách a oibríonn d'údaráis áitiúla, chomh maith le baill thofa, chun cinntiú go dtuigeann 30,000+ ball foirne an údaráis áitiúil an gá atá le hinbhuanaitheacht agus na himpleachtaí a bhaineann le hathrú aeráide a mheas i gcinntí ar fud ghníomhaíocht an údaráis áitiúil. D'fhreastail an fhoireann agus comhairleoirí araon ar 25,977 áit oiliúna ghníomhú ar son na haeráide le trí bliana anuas.

Níor tháinig deireadh le hiarrachtaí na hearnála chun dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta leis an bhfoireann inmheánach agus comhairleoirí, áfach. Trí Oifigí Fiontair Áitiúla an údaráis áitiúil, cabhraíonn an clár Green for Micro le fiontair bheaga agus mheánmhéide áitiúla féachaint conas a bheith níos inbhuanaithe, agus léiríodh gur mhéadaigh líon na rannpháirtithe gach bliain ó 2021 i leith.

Chomh maith le freagracht as gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú agus dul i bhfeidhm ar iompraíocht athraithe, léiríonn an tuarascáil an dóigh a bhfuil údaráis áitiúla ag cur gníomhartha oiriúnaithe aeráide chun cinn agus an dóigh a bhfuil athrú aeráide á mhaolú acu trí níos mó gníomhartha taistil gníomhacha a chur ar fáil. Tháinig méadú ar fhreagairt na n-údarás áitiúil do tharluithe adhaimsire in 2023 freisin. Tháinig méadú ar líon na gcruinnithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus ar líon uaireanta ar ghá pleananna a chur i bhfeidhm freisin.

Is é príomhaidhm gach comhlacht poiblí ídiú fuinnimh a laghdú. Sonraítear sa tuarascáil seo laghdú de 65,617.5MWh in aghaidh na bliana ar ídiú fuinnimh agus 18,975.8tCo2 in aghaidh na bliana ar astaíochtaí carbóin mar thoradh ar iarfheistiú 4,728 teach sóisialta in 2022 agus 2023. Cabhraíonn an choigilt seo leis an earnáil spriocanna a bhaint amach agus bíonn billí fuinnimh níos ísle do thionóntaí an údaráis áitiúil dá bharr.

Leanfaidh údaráis áitiúla ag obair chun seasmhacht a fhorbairt i leith éifeachtaí an athraithe aeráide trí réimse leathan tionscnamh agus gníomhartha. Ba bhliain thábhachtach í 2023 mar bhunaigh údaráis áitiúla clár leathan comhairliúcháin agus rannpháirtíochta maidir le forbairt 31 plean áitiúla um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tugann na pleananna seo deis chun tuilleadh táscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a phlé don earnáil. Cuirfidh siad treochlár ar fáil chun daoine a thabhairt le chéile chun dul i bhfeidhm ar athrú dearfach.

John McLaughlin
Cathaoirleach
Coiste Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí

Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association

# Clár Ábhair


**Buíochas** **2**
**Brollach** **3**
**Achoimre Feidhmiúcháin** **5**
Príomhshruthú 5
Maolú 5
Oiriúnú 5
Athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní 6
**Réamhrá** **7**
Mionathruithe a rinneadh ar PTFanna agus ar phróisis bailiúcháin sonraí in 2023 8
**Torthaí Sonraí 2023** **9**
Príomhshruthú 9
Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide 9
Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide 11
Foghrúpaí na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide 15
Maolú 17
Tionscadail um Thaisteal Gníomhach 17
Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta 19
Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa 23
**Oiriúnú** **24**
Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide 24
Cruinnithe Foirne maidir le Tarluithe Adhaimsire Éigeandála agus Pleananna Freagartha a Cuireadh i bhFeidhm 26
Athrú Iompraíochta Inmheánach & Forbairt Acmhainní 28
Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide 28
Tionsnamh Gnó Green for Micro 30
**Conclúid** **32**
**Leabharliosta** **33**


**Liosta na bhFigiúirí**


Figiúr 1 Údaráis áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu faoi dheireadh na bliana 9
Figiúr 2 Róil na mBall Foirne um ghníomhú ar son na haeráide 11
Figiúr 3 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana 12
Figiúr 4 Tuarascáil ar oiliúint um ghníomhú ar son na haeráide do bhaill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide 15
Figiúr 5 Údaráis áitiúla a bhfuil Foghrúpaí na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu 15
Figiúr 6 Stádas thionscadail taistil ghníomhaigh do gach údarás áitiúil ag deireadh na bliana 2023 18
Figiúr 7 Líon na dtithe sóisialta a d'iarfheistigh údaráis áitiúla 20
Figiúr 8 Ráta críochnaithe na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide 24
Figiúr 9 Stádas na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide an údaráis áitiúil 2023 25
Figiúr 10 Príomhtharlú aimsire a bhaineann le Pleananna Freagartha Éigeandála Aimsire a cuireadh i bhfeidhm 27
Figiúr 11 Líon na n-áiteanna oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide ar a bhfreastalaíonn foireann agus baill thofa gach bliain 28
Figiúr 12 Líon na n-áiteanna oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide ar a bhfreastalaíonn foireann an údaráis áitiúil agus baill thofa gach bliain 29
Figiúr 13 Líon na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár Green for Micro gach bliain 30


**Liosta na dTáblaí**


Tábla 1 Liosta PTFanna um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais Áitiúil 2023 7
Tábla 2 Údaráis áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu faoi dheireadh na bliana 10
Tábla 3 Catagóir na foirne um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm ag deireadh na bliana 11
Tábla 4 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana 12
Tábla 5 Líon na gCruinnithe Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáiltear gach bliain 13
Tábla 6 Líon na mball Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ag deireadh na bliana 14
Tábla 7 Cruinnithe Foghrúpa na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáiltear gach bliain 16
Tábla 8 Stádas na dtionscadal um thaisteal gníomhach ag deireadh na bliana 17
Tábla 9 Figiúirí iarfheistithe tithíochta sóisialta 19
Tábla 10 Coigilt Fuinnimh MWH in aghaidh na bliana le haghaidh Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta 21
Tábla 11 Coigilt Carbóin tCo2 in aghaidh na bliana le haghaidh Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta 22
Tábla 12 Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 2022 23
Tábla 13 Stádas na nGníomhartha Oiriúnaithe Aeráide 24
Tábla 14 Cruinnithe na foirne freagartha éigeandála adhaimsire agus pleananna a chuir gach údarás áitiúil i bhfeidhm in 2022 agus 2023 26
Tábla 15 Líon na bpleananna freagartha éigeandála adhaimsire a cuireadh i bhfeidhm 27
Tábla 16 Líon na ngnólachtaí a ghlacann páirt sa clár Green for Micro de chuid OFÁ i ngach údarás áitiúil gach bliain 31

# Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 do gach údarás áitiúil. Bailíodh na sonraí ar a ndéantar tuairisciú ó údaráis áitiúla, Fiontraíocht Éireann, Grúpa Oiliúna Líonra Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚÁ), agus Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta GBRÁ (HDCO).

Is iad seo a leanas príomhthorthaí 2023:

**Príomhshruthú**

Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Bhí Oifigeach nó Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide amháin ar a laghad i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil ar 31 Nollaig, 2023.
- Ba é 55 líon iomlán na mball foirne coibhéiseach lánaimseartha (FTE) um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm ar 31 Nollaig, 2023, is méadú é seo ó 28.5 in 2022.

Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Bhí Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide cros-rannach ag 24 údarás áitiúla i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2023 agus bhí seacht n-údarás áitiúla ag obair ar a bhfoirne a athbhunú.
- Bhí 647 ball Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide san iomlán ar fud na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide go léir ag deireadh na bliana 2023, i gcomparáid le 616 ball in 2022 agus 544 ball in 2021.
    - Ghlac 436 ball Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 páirt in oiliúint an údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide.
- Bhí 95 cruinniú Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud na hearnála le linn 2023.
- Bhí 18 foghrúpa i bhfeidhm ag Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil faoi dheireadh 2023, agus bhí 164 cruinniú acu ar an iomlán le linn 2023, is méadú 10 é seo ó 2022.

**Maolú**

Taisteal Gníomhach

- Bhí 1,989 tionscadal um thaisteal gníomhach á gcur ar fáil ag údaráis áitiúla: Cuireadh 50% acu i gcrích, bhí 9% á dtógáil, agus bhí 41% ag céim an deartha ar 31 Nollaig, 2023.

Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta

- Chuir 30 údarás áitiúla iarfheistiú 2,445 aonad tithíocht shóisialta i gcrích in 2023 agus mar thoradh air sin, is í an choigilt fuinnimh bhliantúil a mheastar 35,663.4 MWh in aghaidh na bliana, is é sin 10,373.3 tCo2 in aghaidh na bliana.

Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa an Údaráis Áitiúil

- Ní raibh sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fáil do 2023 ach tháinig laghdú comhiomlán 25.4% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2022, i gcomparáid leis an meán bonnlíne le haghaidh na n-údarás áitiúil go léir idir 2016 agus 2018.

**Oiriúnú**

Gníomhartha oiriúnaithe aeráide atá á gcur i gcrích

- Bhí 2,488 gníomh oiriúnaithe á gcur i bhfeidhm ag an earnáil a shonraítear i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil/Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (2019 - 2024) ar 31 úNollaig, 2023: Cuireadh 34% i gcrích, bhí 58% á dtógáil, agus níor cuireadh tús le 6%.
- D'ardaigh na Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide a cuireadh i gcrích ó 13% in 2021 go 20% in 2022 agus go 34% in 2023.

Tarluithe Aimsire Éigeandála

- Reáchtáladh 272 cruinniú don Fhoireann Freagartha Adhaimsire ar fud 28 údarás áitiúla le linn 2023, is méadú 73 é seo ó 2022.
- Cuireadh 168 Plean Freagartha Éigeandála Adhaimsire i bhfeidhm le linn 2023. Báisteach ba chúis le 32% de ghníomhachtú, gaoth agus gaoth chósta ba chúis le 37% de ghníomhachtú, sneachta/sioc/teocht íseal ba chúis le 20%, agus stoirmeacha toirní ba chúis le 10% de ghníomhachtú.

**Athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní**

Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide

- D'fhreastail baill foirne an údaráis áitiúil agus baill thofa ar 8,965 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide in 2023.
- Le linn na tréimhse trí bliana, 2021 go 2023, freastalaíodh ar 25,977 áit oiliúna.

Tacaíocht ó Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)

- Fuair 554 gnólacht tacaíocht ó Oifigí Fiontair Áitiúil an údaráis áitiúil faoin gClár Green for Micro in 2023, i gcomparáid le 413 in 2022 agus 293 in 2021.

# Réamhrá

Thionóil Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide (GO PTF GA) le Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Líonraí Iompair (GSAIL) CBCC in 2021[1]. Cuireadh de chúram ar an nGrúpa Oibre PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt a ailíníonn le spriocanna agus cuspóirí atá leagtha amach i nGníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a sheachadadh 2030 (CBCC agus CARO, 2020), straitéis na hearnála maidir le dul i ngleic le hathrú aeráide chomh maith leis an taighde a choimisiúnaigh an grúpa chun dea-chleachtas idirnáisiúnta a phlé (Clare, 2021 agus 2022).

Bailíodh sonraí do chúig as naoi dtáscaire go díreach ó údaráis áitiúla. Bailíodh sonraí 2023 i Márta-Aibreán 2024 ag baint úsáid as uirlis suirbhé ar líne Láraonad Sonraí GBRÁ. D'fhorbair Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar

Tábla 1Liosta PTFanna um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais Áitiúil 2023

| Téama PTFanna um Ghníomhú ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil | Téama um Ghníomhú ar son na hAeráide | Sonraí arna soláthar ag | An chéad bhliain a bailíodh sonraí | Mí 2023 a bailíodh sonraí |
|---|---|---|---|---|
| 1. Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide | Príomhshruthú | Údaráis Áitiúla | 2021 | Márta 2024 |
| 2. Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide | Príomhshruthú | Údaráis Áitiúla | 2021 | Márta 2024 |
| 3. Tionscadail um Thaisteal Gníomhach | Maolú | Údaráis Áitiúla | 2021 | Márta 2024 |
| 4. Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta | Maolú | Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta GBRÁ | 2022 | Bealtaine 2024 |
| 5. Laghdú ar Ghás Ceaptha Teasa | Maolú | ÚFIÉ | 2022 | Samhain 2023 |
| 6. Gníomhartha Oiriúnaithe an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide | Oiriúnú | Údaráis Áitiúla | 2021 | Márta 2024 |
| 7. Freagairtí Adhaimsire | Oiriúnú | Údaráis Áitiúla | 2022 | Márta 2024 |
| 8. Oiliúint Comhairleoirí agus Baill Foirne | Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní | Grúpa Oiliúna Líonraí Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚÁ) | 2021 | Bealtaine 2024 |
| 9. Gnó Green for Micro | Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní | Fiontraíocht Éireann | 2022 | Bealtaine 2024 |

[1] Athainmníodh anCoiste CBCC um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompair agus Líonraí (GSAIL) mar an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (GSAIGCL) in 2022.

son na hAeráide doiciméad mionsonraithe ar threoirlínte agus scaipeadh é leis an suirbhé chun a chinntiú go raibh léirmhíniú seasmhach ar na sonraí.

Bailíodh sonraí do chúig as naoi dtáscaire go díreach ó údaráis áitiúla. Bailíodh sonraí 2023 i Márta-Aibreán 2024 ag baint úsáid as uirlis suirbhé ar líne Láraonad Sonraí GBRÁ. D'fhorbair Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide doiciméad mionsonraithe ar threoirlínte agus scaipeadh é leis an suirbhé chun a chinntiú go raibh léirmhíniú seasmhach ar na sonraí.

Chuir Fiontraíocht Éireann sonraí ar fáil faoin gclár Gnó Green for Micro, sholáthair Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta an GBRÁ (HDCO) na sonraí Iarfheistithe Tithíocht Shóisialta, agus sholáthair Grúpa Oiliúna Líonraí Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚÁ) sonraí oiliúna na foirne agus na mball tofa.

Ní raibh sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa an Údaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) 2023 ar fáil faoin am a foilsíodh an tuarascáil seo ach tá sonraí 2022, arna soláthar ag an ÚFIÉ i Samhain 2023, san áireamh sa tuarascáil mar phointe tagartha.
Cuirtear na torthaí i láthair faoi cheithre théama:

- príomhshruthú,
- maolú,
- oiriúnú, agus
- athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní.

Tá torthaí 2021 agus 2022 san áireamh, i gcás inar féidir, chun na treochtaí a bhaineann leis an téarma a léiriú.

**Mionathruithe a rinneadh ar PTFanna agus ar phróisis bailiúcháin sonraí in 2023**

Sular bailíodh sonraí 2024, d'iarr an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (CNMI) go leathnófaí sonraí iarfheistithe tithíochta sóisialta dá thuarascáil. Mar sin de, bailíodh agus tuairiscíodh tuilleadh faisnéise maidir le rátaí RFF agus teaschaidéil do 2023, agus tá sonraí cúlghabhálacha san áireamh do 2022. Sholáthair údaráis áitiúla agus an GONSÚÁ na sonraí a bhaineann le háiteanna oiliúna ar fhreastail foireann an údaráis áitiúil agus baill thofa orthu in 2022 ach in 2023 fuarthas na sonraí go léir go díreach ón GONSÚÁ, chun tuairisciú seasmhach a chinntiú.

# Torthaí Sonraí 2023

## Príomhshruthú

Pléann an chuid seo líon na mball foirne a oibríonn idir go díreach agus go neamhdhíreach chun spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil a chur chun cinn. Cuirtear líon na mball foirne um ghníomhú ar son na haeráide a oibríonn mar Chomhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide nó Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide i láthair. Tá athbhreithniú ar líon foirne an údaráis áitiúil a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn go gníomhach trína mballraíocht Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide nó trí fhoghrúpa.

### Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ag deireadh na bliana 2023, bhí foireann thiomanta um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil. Mhéadaigh líon na n-údarás áitiúil a raibh foireann thiomanta acu ó 24 údarás áitiúla in 2021, go 27 údarás áitiúla in 2022 go 31 údarás áitiúla in 2023.




Figiúr 1 Údaráis áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu faoi dheireadh na bliana

*"Príomhshruthú: Tá ról lárnach ag córais tacaíochta eagraíochta, lena n-áirítear fostaithe cáilithe … maidir le córais feidhmíochta inbhuanaithe a chinntiú.*

*Clarke (2021), lth.13*

Tábla 2 Údaráis áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu faoi dheireadh na bliana

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | | • | • |
| An Cabhán | • | • | • |
| An Clár | | • | • |
| Cathair Chorcaí | • | • | • |
| Contae Chorcaí | • | • | • |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | • | • | • |
| Dún na nGall | • | | • |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | • | • | • |
| Fine Gall | • | • | • |
| Contae na Gaillimhe | • | • | • |
| Cathair na Gaillimhe | • | • | • |
| Ciarraí | • | • | • |
| Cill Dara | • | • | • |
| Cill Chainnigh | • | • | • |
| Laois | • | • | • |
| Liatroim | | • | • |
| Luimneach | • | | • |
| Longfort | • | • | • |
| Lú | | • | • |
| Maigh Eo | • | • | • |
| An Mhí | • | • | • |
| Muineachán | • | • | • |
| Uibh Fhailí | • | • | • |
| Ros Comáin | | | • |
| Sligeach | • | • | • |
| Baile Átha Cliath Theas | • | • | • |
| Tiobraid Árainn | | | • |
| Port Láirge | • | • | • |
| An Iarmhí | | • | • |
| Loch Garman | • | • | • |
| Cill Mhantáin | • | • | • |

Rinneadh comhaireamh chun a aithint cé mhéad den fhoireann a bhí i bhfeidhm a bhí ina n-Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide nó ina gComhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide. I gcomparáid le torthaí 2022, is léir go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-údarás áitiúil a bhfuil an dá chatagóir foirne i bhfeidhm acu.

D'ardaigh líon na n-údarás áitiúil a bhfuil idir Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Chomhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm go tobann ó cheithre údarás in 2022 go 24 údarás in 2023. As na seacht n-údarás áitiúla eile a raibh foireann thiomanta acu in 2023, bhí Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide ag sé údarás agus bhí Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide ag údarás amháin.

Mhéadaigh líon na mball foirne coibhéiseach lánaimseartha ó 28.5 in 2022 go 55 in 2023. Leanann líon na gComhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide de bheith níos airde ná líon na nOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide (i.e., 30 Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide agus 25 Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023) ach sáraíonn ráta méadaithe na nOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag 178%, ráta méadaithe na gComhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide, ag 54%.




Figiúr 2 Róil na mBall Foirne um ghníomhú ar son na haeráide

Tábla 3 Catagóir na foirne um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm ag deireadh na bliana

| | 2022 | 2023 | Méadú | Ráta méadaithe |
|---|---|---|---|---|
| Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide | 9 | 25 | 16 | 178% |
| Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide | 19.5 | 30 | 10.5 | 54% |
| Iomlán | 28.5 | 55 | 26.5 | 93% |

**Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide**

*"...aithnítear go forleathan an gá atá le spriocanna aeráide a phríomhshruthú thar gach oibríocht bhardasach agus línte soiléire freagrachta a shannadh do mhéadraigh athraithe aeráide"*

Clarke (2021), lth.14

Tagann na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide baill foirne an údaráis áitiúil thar neart réimsí feidhme le chéile, chun cinntiú nach bhfuil baill foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ag oibriú ar bhonn aonair agus go bpléitear gníomhartha agus go ndéantar monatóireacht orthu ó ildearcthaí oibríochta agus beartais.

Ba léir gur athraigh líon agus stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide beagán in 2023. Ag deireadh na bliana, bhí 24 foireann an údaráis áitiúil a bhí gníomhach i bhfeidhm fad is a bhí seacht bhfoireann á n-athbhunú. An príomhdhúshlán a bhí ag údaráis áitiúla agus na foirne á gcothú acu go hoibríochtúil ná athruithe foirne thar na réimsí feidhme go léir d'údaráis áitiúla.



Figiúr 3 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana

Obair Idir Lámha   Ní dhearna   Rinne

Tábla 4 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | IS EA | IS EA | IS EA |
| An Cabhán | IS EA | IS EA | IS EA |
| An Clár | IS EA | IS EA | IS EA |
| Cathair Chorcaí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Contae Chorcaí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | IS EA | IS EA | WIP |
| Dún na nGall | IS EA | IS EA | WIP |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | IS EA | WIP | WIP |
| Fine Gall | IS EA | IS EA | IS EA |
| Contae na Gaillimhe | IS EA | IS EA | IS EA |
| Cathair na Gaillimhe | IS EA | IS EA | IS EA |
| Ciarraí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Cill Dara | IS EA | IS EA | IS EA |

Tábla 4 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana (ar lean)

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Cill Chainnigh | IS EA | WIP | IS EA |
| Laois | IS EA | IS EA | IS EA |
| Liatroim | IS EA | IS EA | WIP |
| Luimneach | WIP | NÍ HEA | WIP |
| Longfort | IS EA | IS EA | IS EA |
| Lú | IS EA | IS EA | IS EA |
| Maigh Eo | IS EA | IS EA | IS EA |
| An Mhí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Muineachán | IS EA | IS EA | IS EA |
| Uibh Fhailí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Ros Comáin | IS EA | IS EA | IS EA |
| Sligeach | IS EA | IS EA | WIP |
| Baile Átha Cliath Theas | IS EA | IS EA | IS EA |
| Tiobraid Árainn | IS EA | IS EA | IS EA |
| Port Láirge | IS EA | IS EA | IS EA |
| An Iarmhí | IS EA | IS EA | IS EA |
| Loch Garman | IS EA | IS EA | IS EA |
| Cill Mhantáin | IS EA | IS EA | WIP |

Dá bharr sin, tá laghdú tagtha ar líon na gcruinnithe a reáchtáladh i gcomparáid le blianta roimhe sin. Reáchtáladh 113 cruinniú in 2021 agus 116 cruinniú in 2022. Thit sé seo go 95 cruinniú a reáchtáladh in 2023.

In ainneoin an laghdaithe ar líon na bhfoirne a bhí gníomhach ag deireadh na bliana 2023, tá méadú tagtha ar líon na foirne fostaithe ar Fhoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide, ó 616 in 2022 go 647 in 2023. Tá méadú tagtha ar 17 foireann i gcomparáid le 2022.

Tábla 5 Líon na gCruinnithe Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáiltear gach bliain

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn na bliana | 113 | 116 | 95 |

Tábla 6 Líon na mball Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ag deireadh na bliana

| Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 14 | 21 | 22* |
| An Cabhán | 12 | 22 | 21 |
| An Clár | 10 | 11 | 11 |
| Cathair Chorcaí | 21 | 33 | 24 |
| Contae Chorcaí | 11 | 6 | 18* |
| DLR (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) | 10 | 20 | - |
| Dún na nGall | 21 | 18 | - |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 19 | - | 6* |
| Fine Gall | 8 | 8 | 8 |
| Cathair na Gaillimhe | 13 | 16 | 10 |
| Contae na Gaillimhe | 13 | 28 | 39* |
| Ciarraí | 19 | 10 | 12* |
| Cill Dara | 38 | 43 | 45* |
| Cill Chainnigh | 35 | 30 | 38* |
| Laois | 14 | 18 | 20* |
| Liatroim | 8 | 14 | - |
| Luimneach | - | - | 15* |
| Longfort | 8 | 16 | 17* |
| Lú | 25 | 25 | 24 |
| Maigh Eo | 31 | 30 | 30 |
| An Mhí | 14 | 16 | 17* |
| Muineachán | 23 | 32 | 48* |
| Uibh Fhailí | 24 | 23 | 29* |
| Ros Comáin | 21 | 23 | 45* |
| Sligeach | 20 | 15 | 10 |
| Baile Átha Cliath Theas | 11 | 14 | 13 |
| Tiobraid Árainn | 23 | 28 | 29* |
| Port Láirge | 16 | 15 | 19* |
| An Iarmhí | 24 | 27 | 27 |
| Loch Garman | 32 | 46 | 50* |
| Cill Mhantáin | 6 | 8 | - |
| **Líon Iomlán na mBall Foirne** | **544** | **616** | **647** |

* A mhéadaigh in 2023 i gcomparáid le 2022

In 2023, d'fhreastail 436 as 647 ball foirne ar oiliúint um ghníomhú ar son na haeráide. Cuireann an oiliúint seo leis an gcion ar féidir le baill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a dhéanamh ag cruinnithe agus gníomhartha á soláthar acu.

Cé go bhfuil líon na mball foirne oilte fós ard, tá laghdú tagtha ar chéatadán na mball foirne oilte ó 76% in 2021, go 74% in 2022 agus go 67% in 2023.




Figiúr 4 Tuarascáil ar oiliúint um ghníomhú ar son na haeráide do bhaill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide



### Foghrúpaí na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá foghrúpaí bunaithe ag cuid mhór de na húdaráis áitiúla. Tá athrú tagtha ar líon na n-údarás áitiúil a bhfuil foghrúpaí acu thar na blianta. In 2021, bhí 14 údarás áitiúla a raibh foghrúpaí i bhfeidhm acu, mhéadaigh sé seo go 22 údarás in 2022 agus laghdaigh sé seo go 18 údarás in 2023.




Figiúr 5 Údaráis áitiúla a bhfuil Foghrúpaí na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu

Cé go raibh níos lú údaráis áitiúla a raibh foghrúpaí i bhfeidhm acu, tháinig méadú ar líon na gcruinnithe a reáchtáladh ag na grúpaí seo in 2023. Reáchtáladh 164 cruinniú foghrúpaí in 2023, is méadú é seo ó 154 in 2022 agus 105 in 2021. De réir mar a bhí na Pleananna áitiúla um Ghníomhú ar son na hAeráide á n-ullmhú ag údaráis áitiúla in 2023, bhí riachtanas méadaithe ar fhoireann agus/nó bhaill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide freastal ar cheardlanna náisiúnta agus ar chruinnithe a bhaineann go sonrach le rannóga (i.e. cruinnithe foghrúpa) agus tháinig laghdú ar líon na gcruinnithe Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcásanna áirithe mar thoradh air seo, ach tháinig méadú ar ghníomhaíocht foghrúpa freisin.

Tábla 7 Cruinnithe Foghrúpa na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáiltear gach bliain

| Údarás Áitiúil | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | - | 2 | 1 |
| An Cabhán | - | 15 | 12 |
| An Clár | - | 4 | 4 |
| Cathair Chorcaí | - | - | - |
| Contae Chorcaí | - | 15 | - |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 8 | 9 | - |
| Dún na nGall | 4 | - | - |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 5 | 4 | 10 |
| Fine Gall | 8 | 8 | 14 |
| Cathair na Gaillimhe | 6 | 5 | 7 |
| Contae na Gaillimhe | - | 3 | 17 |
| Ciarraí | - | - | 1 |
| Cill Dara | - | 1 | - |
| Cill Chainnigh | - | 6 | 25 |
| Laois | - | - | - |
| Liatroim | - | - | - |
| Luimneach | - | - | - |
| Longfort | 4 | - | - |
| Lú | 4 | 5 | 7 |
| Maigh Eo | 1 | 10 | 15 |
| An Mhí | - | 1 | 1 |
| Muineachán | 2 | - | - |
| Uibh Fhailí | 10 | 12 | 8 |
| Ros Comáin | - | 2 | - |
| Sligeach | 2 | 2 | 10 |
| Baile Átha Cliath Theas | 34 | 24 | 16 |
| Tiobraid Árainn | 1 | 4 | 3 |
| Port Láirge | - | - | - |
| An Iarmhí | - | 2 | - |
| Loch Garman | 16 | 10 | 12 |
| Cill Mhantáin | - | 10 | 1 |
| **Líon Iomlán na gCruinnithe** | **105** | **154** | **164** |

## Maolú

*I bhfianaise cé chomh práinneach is atá sé athrú aeráide a mhaolú agus i gcomhthéacs na bPTFanna um ghníomhú ar son na haeráide atá forbartha... téama tábhachtach a luaitear arís agus arís eile ná conas mar a chuireann siad pleananna um ghníomhú ar son na haeráide in iúl thart ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú laistigh d'achar ama áirithe.*

Clarke 2022 lth.18

Díríonn maolú ar thuilleadh athraithe aeráide a sheachaint (Clarke, 2022). Díríonn na húdaráis áitiúla ar dhá phríomhréimse; infheistíocht mhéadaithe ar thionscadail taistil ghníomhaigh, laghdú ar úsáid carranna príobháideacha agus ídiú breosla a éascú agus an stoc tithíochta sóisialta a iarfheistiú chun ídiú fuinnimh a laghdú. Tá tionchar ag an dá bheart ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.

### Tionscadail um Thaisteal Gníomhach

Mhéadaigh líon na dtionscadal um thaisteal gníomhach ó 1,678 in 2022 go 1,989 in 2023. De na tionscadail seo, d'ardaigh líon na dtionscadal curtha i gcrích go tobann ó 641 in 2022 go 986 in 2023 mar cuireadh 345 tionscadal i gcrích in 2023. Mar sin de, cuireadh caoga a trí faoin gcéad de na tionscadail go léir i gcrích faoi dheireadh na bliana 2023, is méadú é seo ó 38% ag deireadh na bliana 2022.

Mhéadaigh líon na dtionscadal ag céim an deartha freisin ó 775 in 2022 go 821 in 2023. Tháinig laghdú ar líon na dtionscadal ag céim na tógála ó 262 in 2022 go 182 in 2023.

Tábla 8 Stádas na dtionscadal um thaisteal gníomhach ag deireadh na bliana

| | 2022 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **Curtha i gCrích** | **Tógáil** | **Dearadh** | **Iomlán** |
| Tionscadail (Uimhir) | 641 | 262 | 775 | **1,678** |
| Tionscadail (Céatadán) | 38% | 16% | 46% | **100%** |
| | **2023** | | | |
| | **Curtha i gCrích** | **Tógáil** | **Dearadh** | **Iomlán** |
| Tionscadail (Uimhir) | 986 | 182 | 821 | **1,989** |
| Tionscadail (Céatadán) | 50% | 9% | 41% | **100%** |

Athraíonn leibhéal na gníomhaíochta go mór ar fud na n-údarás áitiúil, tuairiscíonn formhór na n-údarás níos lú ná 100 tionscadal. Thuairiscigh Cathair Chorcaí 128 tionscadal agus thuairiscigh Contae Chorcaí 554 tionscadal, áfach.




Figiúr 6 Stádas thionscadail taistil ghníomhaigh do gach údarás áitiúil ag deireadh na bliana 2023

## Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta

In 2022, bhí formhór na n-údarás áitiúil ag glacadh páirt sa Chlár Iarfheistithe an Údaráis Áitiúil leathnaithe, agus iarfheistíodh 2,283 teach ar an iomlán[2]. Ba é cuspóir an chláir seo ná "tithe den chaighdeán is fearr ó thaobh costais de/ de ráta B2 ina bhfuil teaschaidéal a sholáthar" (2022, lth8)[3]. In 2023, mhéadaigh líon na dtithe sóisialta a d'iarfheistigh údaráis áitiúla go 2,445. Gach bliain, ardaíodh beagnach gach teach go ráta B2 nó go dtí an caighdeán is fearr ó thaobh costais de. Chomh maith leis sin, thuairiscigh údaráis áitiúla gur tarraingíodh anuas maoiniú chun teaschaidéil a shuiteáil i 68% de na réadmhaoine iarfheistithe in 2022 agus i 90% de na réadmhaoine iarfheistithe in 2023.

Tábla 9 Figiúirí iarfheistithe tithíochta sóisialta

| | 2022 | 2023 | Total |
|---|---|---|---|
| Tithe Sóisialta a Iarfheistíodh | 2,283 | 2,445 | 4,728 |
| RFF de B2 nó níos airde | (88%) 2,011 | (95%) 2,315 | (91%) 4,326 |
| RFF Costas Optamach | (11%) 248 | (5%) 111 | (8%) 359 |
| Teaschaidéil a suiteáladh | 1,554 | 2,200 | 3,754 |
| Coigilt Fuinnimh MWh in aghaidh na bliana | 29,954 | 35,663 | 65,617 |
| Coigilt Carbóin tCo2 in aghaidh na bliana | 8,600 | 10,376 | 18,976 |

[2] Is iad na haonaid a áirítear iad siúd atá maoinithe ag an RTRAO. Tá cásanna ann ina bhfuil iarfheistiú curtha i gcrích ach nár tarraingíodh anuas maoiniú laistigh den bhliain ábhartha. Beidh na haonaid sin le feiceáil an bhliain dár gcionn.

[3] (gov - Plean Iarfheistithe Náisiúnta (www.gov.ie)).

Ní hionann líon na réadmhaoine a iarfheistíodh do gach údarás áitiúil, ach thuairiscigh údaráis áitiúla gníomhaíocht iarfheistithe le linn 2022 agus 2023. Níl ach comhchoibhneas beag idir méid an údaráis áitiúil agus líon na dtithe a iarfheistíodh.




Figiúr 7 Líon na dtithe sóisialta a d'iarfheistigh údaráis áitiúla

Tá coigilt fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí carbóin de bharr an iarfheistithe seo. Rinne an Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta (HDCO) meastachán ar choigilt bhliantúil a ríomh trí athbhreithniú a dhéanamh ar dheimhnithe RFF roimh an iarfheistiú agus ina dhiaidh. Le linn na tréimhse dhá bhliain (2022-2023), thuairiscigh gach údarás áitiúil coigilt fuinnimh agus laghduithe carbóin.

Ba é 29,954.1 an choigilt fuinnimh bhliantúil iomlán MWh in 2022 agus ba é 35,663.4 an choigilt fuinnimh bhliantúil iomlán MWh in 2023. Bhí coigilt fuinnimh bhliantúil iomlán de 65,617.5 MWh in aghaidh na bliana ar fud na 4,728 réadmhaoin a iarfheistíodh mar thoradh air seo.

Tábla 10 Coigilt Fuinnimh MWH in aghaidh na bliana le haghaidh Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta

| Coigilt Fuinnimh MWh in aghaidh na bliana | 2022 | 2023 | Coigilt Fuinnimh Charnach Bhliantúil |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 511.1 | 1,473.8 | 1,984.9 |
| An Cabhán | 414.3 | 755.8 | 1,170.1 |
| An Clár | 1,039.8 | 692.7 | 1,732.5 |
| Cathair Chorcaí | 202.7 | 630.8 | 833.5 |
| Contae Chorcaí | 2,173.3 | 2,139.0 | 4,312.3 |
| DLR (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) | 702.4 | 719.9 | 1,422.3 |
| Dún na nGall | 1,991.6 | 3,009.2 | 5,000.8 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 4,951.0 | 4,277.0 | 9,228.0 |
| Fine Gall | 646.2 | 779.7 | 1,425.9 |
| Cathair na Gaillimhe | 430.3 | 708.7 | 1,139.0 |
| Contae na Gaillimhe | 1,899.5 | 721.9 | 2,621.4 |
| Ciarraí | 54.0 | 222.2 | 276.2 |
| Cill Dara | 1,404.3 | 359.5 | 1,763.8 |
| Cill Chainnigh | 722.6 | 605.8 | 1,328.4 |
| Laois | 2,148.4 | 2,280.1 | 4,428.5 |
| Liatroim | 89.1 | 231.2 | 320.3 |
| Luimneach | 0.0 | 858.1 | 858.1 |
| Longfort | 1,177.4 | 796.9 | 1,974.3 |
| Lú | 1,400.8 | 2,545.8 | 3,946.6 |
| Maigh Eo | 0.0 | 241.3 | 241.3 |
| An Mhí | 474.1 | 318.5 | 792.6 |
| Muineachán | 770.5 | 1,275.8 | 2,046.3 |
| Uibh Fhailí | 836.1 | 342.9 | 1,179.0 |
| Ros Comáin | 605.9 | 515.3 | 1,121.2 |
| Sligeach | 580.4 | 525.6 | 1,106.0 |
| Baile Átha Cliath Theas | 381.3 | 0.0 | 381.3 |
| Tiobraid Árainn | 1,738.5 | 860.3 | 2,598.8 |
| Port Láirge | 345.2 | 1,706.2 | 2,051.4 |
| An Iarmhí | 0.0 | 2,256.3 | 2,256.3 |
| Loch Garman | 608.1 | 2,359.7 | 2,967.8 |
| Cill Mhantáin | 1,655.1 | 1,453.4 | 3,108.5 |
| **Iomlán** | **29,954.1** | **35,663.4** | **65,617.5** |

B'ionann an cás do choigilt carbóin mar mhéadaigh coigilt ó 8,599.5 tCo2 in aghaidh na bliana in 2022 go 10,376.3 tCo2 in 2023 mar tháinig méadú ar líon na dtithe a iarfheistíodh. Ar an iomlán, bhí coigilt carbóin bhliantúil de 18,975.8 tCo2 ar fud 4,728 teach sóisialta mar thoradh orthu seo.

Laghdaigh an fuinneamh iomlán a úsáideach agus an carbón a astaíodh faoina leath mar thoradh ar uasghrádú tithe a raibh ráta RFF an-íseal orthu go B2 nó níos airde. Is féidir le huasghrádaithe ó thithe a bhfuil ráta G acu go tithe a bhfuil ráta B2 acu coigilt fuinnimh a laghdú suas le 71% agus astaíochtaí carbóin a laghdú suas le 66%[4]. B'ionann an choigilt fuinnimh agus an laghdú ar astaíochtaí ar fud iarfheistithe na n-údarás áitiúil do 2022 agus 2023 agus an fuinneamh atá ag teastáil chun breis agus 4,000 teaghlach breise a rith.

Tábla 11 Coigilt Carbóin tCo2 in aghaidh na bliana le haghaidh Iarfheistithe Tithíochta Sóisialta

| Coigilt Carbóin tCo2 in aghaidh na bliana | 2022 | 2023 | Coigilt Carbóin Charnach Bhliantúil |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 157.2 | 422.4 | 1,984.9 |
| An Cabhán | 139.2 | 262.8 | 402.0 |
| An Clár | 375.6 | 214.4 | 590.0 |
| Cathair Chorcaí | 49.7 | 148.8 | 198.5 |
| Contae Chorcaí | 652.9 | 622.1 | 1,275.0 |
| DLR (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) | 141.8 | 160.6 | 302.4 |
| Dún na nGall | 629.5 | 985.4 | 1,614.9 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 1,052.5 | 913.4 | 1,965.9 |
| Fine Gall | 153.0 | 176.6 | 329.6 |
| Cathair na Gaillimhe | 120.7 | 228.1 | 348.8 |
| Contae na Gaillimhe | 601.0 | 198.6 | 799.6 |
| Ciarraí | 16.9 | 64.5 | 81.4 |
| Cill Dara | 334.9 | 91.8 | 426.7 |
| Cill Chainnigh | 215.1 | 195.6 | 410.7 |
| Laois | 701.7 | 779.9 | 1,481.6 |
| Liatroim | 26.3 | 75.3 | 101.6 |
| Luimneach | 0.0 | 237.1 | 237.1 |
| Longfort | 279.0 | 203.6 | 482.6 |
| Lú | 305.0 | 629.1 | 934.1 |
| Maigh Eo | 0.0 | 74.9 | 74.9 |
| An Mhí | 146.7 | 95.5 | 242.2 |
| Muineachán | 223.3 | 400.2 | 623.5 |
| Uibh Fhailí | 410.4 | 120.7 | 531.1 |
| Ros Comáin | 155.0 | 158.7 | 313.7 |
| Sligeach | 177.5 | 150.3 | 327.8 |
| Baile Átha Cliath Theas | 95.4 | 0.0 | 95.4 |
| Tiobraid Árainn | 624.3 | 201.1 | 825.4 |
| Port Láirge | 124.8 | 523.1 | 647.9 |
| An Iarmhí | 0.0 | 801.7 | 801.7 |
| Loch Garman | 216.3 | 882.9 | 1,099.2 |
| Cill Mhantáin | 474.0 | 357.1 | 831.1 |
| **Iomlán** | **8,599.5** | **10,376.3** | **18,975.8** |

[4] Áireamhán ÚIFÉ a úsáidtear chun coigilt a ríomh ó Ráta G go dtí teach lársraithe a théitear ag breosla ola a bhfuil Rátaí B2 aige. Rátáil Fuinnimh Baile B2, Comparáid RFF | Uasghrádaithe Fuinnimh Baile | ÚFIÉ

## Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Ní raibh sonraí ÚFIÉ 2023 ar fáil faoin am a foilsíodh an tuarascáil seo. Mar sin de, baineann na sonraí sa tuarascáil seo leis na sonraí is déanaí atá ar fáil, agus is é seo sonraí 2022.

Thuairiscigh ÚFIÉ gur laghdaigh údaráis áitiúla astaíochtaí gás ceaptha teasa 25.4% ar an iomlán, i gcomparáid leis an meán bonnlíne do na húdaráis áitiúla go léir idir 2016 agus 2018. Baineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí teirmeacha, iompair agus leictreachais. Má chuirtear leictreachas as an áireamh, is é 6.7% an choigilt earnála. B'ionann an choigilt fuinnimh bhliantúil in 2022 agus an fuinneamh a ídíonn breis agus 10,000 teach sa bhliain, nó an breosla atá ag teastáil chun 440,000,000km a thaisteal i gcarr nua[5].

Tábla 12 Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 2022

| 2022 | Athrú ar astaíochtaí GCT neamh-leictreachais ó bhonnlíne GCT | Athrú ar astaíochtaí GCT iomlána ó bhonnlíne GCT[6] |
|---|---|---|
| | Teirmeach agus Iompar | Teirmeach, Iompar agus Leictreachas |
| Comhairle Contae Cheatharlach | -5.2% | -27.8% |
| Comhairle Contae an Chabháin | 6.2% | -29.0% |
| Comhairle Contae an Chláir | 2.1% | -17.1% |
| Comhairle Cathrach Chorcaí | -21.7% | -14.7% |
| Comhairle Contae Chorcaí | 16.7% | -29.7% |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | -41.3% | -39.9% |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | -3.3% | -21.2% |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | -16.7% | -38.3% |
| Comhairle Contae Fhine Gall | -2.4% | -34.0% |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 6.3% | -28.4% |
| Comhairle Contae na Gaillimhe | -18.0% | -26.2% |
| Comhairle Contae Chiarraí | -9.5% | -21.1% |
| Comhairle Contae Chill Dara | -16.6% | -21.5% |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | 30.4% | -17.0% |
| Comhairle Contae Laoise | -3.5% | -28.2% |
| Comhairle Contae Liatroma | 22.9% | -10.5% |
| Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | -3.6% | -34.2% |
| Comhairle Contae Longfoirt | 4.7% | -23.2% |
| Comhairle Contae an Lú | -11.3% | -26.3% |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | -5.9% | -17.7% |
| Comhairle Contae na Mí | -9.3% | -21.3% |
| Comhairle Contae Muineacháin | -11.5% | -40.7% |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | -7.3% | -21.9% |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | -12.2% | -22.8% |
| Comhairle Contae Ros Comáin | -12.1% | -20.3% |
| Comhairle Contae Shligigh | 4.0% | -24.4% |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | -6.4% | -31.5% |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | -10.8% | -20.4% |
| Comhairle Contae na hIarmhí | -8.2% | -25.1% |
| Comhairle Contae Loch Garman | 25.3% | -23.4% |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | -4.0% | -16.6% |
| **Údaráis áitiúla (comhiomlán)** | **-6.7%** | **-25.4%** |

[5] Ídiú fuinnimh bliantúil teaghlaigh = 4,600kg; 1km taisteal carr nua = .0111kg

[6] Bonnlíne = Meán 2016-2018 do gach Údarás Áitiúil

## Oiriúnú

Mar phríomhearnáil faoin gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe, d'fhorbair gach údarás áitiúil a straitéis oiriúnaithe aeráide féin in 2019 chun:

- Tuiscint cheart ar phríomhrioscaí agus leochaileachtaí a bhaineann le hathrú aeráide a chinntiú
- Cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur chun cinn ar bhealach pleanáilte réamhghníomhach
- A chinntiú go ndéantar cúrsaí oiriúnaithe aeráide a phríomhshruthú isteach i ngach plean agus beartas agus go ndéantar iad a chomhtháthú i ngach oibríocht agus feidhm de chuid an údaráis áitiúil

De bharr an riachtanais seo, rianaítear dul chun cinn maidir leis na gníomhartha seo, arna sainaithint ag gach údarás áitiúil, a chur i bhfeidhm.

Baineann an dara réimse a ndéantar monatóireacht air faoin téama seo leis an leibhéal pleanála a chuireann Foirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire i bhfeidhm agus leis an líon uaireanta ba ghá pleananna a chur i bhfeidhm in 2023.

### Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide

D'ardaigh líon na ngníomhartha oiriúnaithe atá curtha i gcrích ó 320 in 2021 go 854 in 2023.

Mhéadaigh céatadán na ngníomhartha atá curtha i gcrích ó 13% go 34% thar thréimhse trí bliana. Thit líon agus céatadán na ngníomhartha atá fós ar siúl ó 1,741 (nó 71%) in 2021 go 1,447 (nó 58%) in 2023. Cuireadh 24 gníomh ar athlá in 2024 agus tugadh 9 gníomh nua isteach.

Thit líon agus céatadán na ngníomhartha nár tosaíodh go fóill ó 344 (14%) in 2021 go 154 (6%) in 2023. Léiríonn na sonraí go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le gníomhartha oiriúnaithe a sholáthar ar fud na hearnála le linn 2023. Is í 2023 an bhliain iomlán deiridh de chur i bhfeidhm na straitéisí oiriúnaithe. Tá pleananna um ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil, arna bhforordú san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus arna nglacadh ag gach údarás áitiúil, tar éis dul in ionad na straitéisí oiriúnaithe ó thús na bliana 2024 i leith.

Chuir gach údarás áitiúil tús le roinnt gníomhartha oiriúnaithe aeráide. Tá difríocht mhór sa ráta ar chur údaráis áitiúla gníomhartha i gcrích toisc nach ionann na ngníomhartha ó thaobh scála, castachta, costais agus ama ag teastáil. Mar shampla, chuir Ceatharlach 89 as 110 gníomh i gcrích agus ar an taobh eile, tá ocht n-údarás áitiúla ar chuir níos lú ná 10 gníomh i gcrích faoi dheireadh na bliana 2023.

Tábla 13 Stádas na nGníomhartha Oiriúnaithe Aeráide

| | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| Curtha i gCrích | 320 | 494 | 854 |
| Ar Siúl go Fóill | 1,741 | 1,724 | 1,447 |
| Curtha ar Athlá | 23 | 12 | 24 |
| Níor Cuireadh Tús Leis Fós | 344 | 217 | 154 |
| Nua | 38 | 43 | 9 |
| **Iomlán** | **2,466** | **2,490** | **2,488** |




Figiúr 8 Ráta críochnaithe na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide




Figiúr 9 Stádas na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide an údaráis áitiúil 2023

## Cruinnithe Foirne maidir le Tarluithe Adhaimsire Éigeandála agus Pleananna Freagartha a Cuireadh i bhFeidhm

*"...de réir mar a théann tarluithe aeráide i bhfeidhm trí adhaimsir, tá freagartha ar an láthair ag teastáil chun dul i ngleic leis na tarluithe adhaimsire sin de réir mar a tharlaíonn siad, i.e., freagairt éigeandála"*

Clarke & O'Donoghue Hynes, 2020 lth.12

Tá Foirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire i bhfeidhm ag formhór na n-údarás áitiúla. Reáchtálann roinnt údarás cruinnithe beartaithe agus tagann roinnt údarás le chéile mar fhreagairt ar tharluithe aimsir a d'fhógair Met Éireann, agus bíonn éagsúlachtaí sa líon uaireanta a mbuaileann foirne le chéile mar thoradh air sin.

Tábla 14 Cruinnithe na foirne freagartha éigeandála adhaimsire agus pleananna a chuir gach údarás áitiúil i bhfeidhm in 2022 agus 2023

| | Cruinnithe na Foirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire | | Pleananna Freagartha Éigeandála Adhaimsire a Cuireadh i bhFeidhm | |
|---|---|---|---|---|
| | **2022** | **2023** | **2022** | **2023** |
| Ceatharlach | 5 | 2 | - | - |
| An Cabhán | 2 | 4 | - | - |
| An Clár | 8 | 7 | 8 | 7 |
| Cathair Chorcaí | 10 | 19 | 10 | 3 |
| Contae Chorcaí | 9 | 15 | 5 | 1 |
| DLR (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) | 10 | 19 | 8 | 13 |
| Dún na nGall | 5 | - | - | - |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 2 | 7 | 2 | 11 |
| Fine Gall | - | 2 | - | 1 |
| Cathair na Gaillimhe | 5 | 10 | 1 | 3 |
| Contae na Gaillimhe | 5 | 5 | 2 | 3 |
| Ciarraí | 53 | 84 | 46 | 72 |
| Cill Dara | 10 | 4 | 2 | 3 |
| Cill Chainnigh | 15 | 6 | 15 | 6 |
| Laois | 5 | 8 | - | 3 |
| Liatroim | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Luimneach | - | 2 | - | - |
| Longfort | - | - | - | - |
| Lú | 2 | 4 | 2 | 3 |
| Maigh Eo | 8 | 9 | 7 | 4 |
| An Mhí | 4 | - | 4 | - |
| Muineachán | 4 | 4 | 3 | 1 |
| Uibh Fhailí | 3 | 2 | - | 4 |
| Ros Comáin | 0 | 1 | - | 2 |
| Sligeach | 6 | 4 | 1 | 4 |
| Baile Átha Cliath Theas | 5 | 5 | - | 5 |
| Tiobraid Árainn | 1 | 4 | 1 | 4 |
| Port Láirge | 3 | 13 | - | 3 |
| An Iarmhí | 1 | 4 | - | 1 |
| Loch Garman | 6 | 18 | 6 | 8 |
| Cill Mhantáin | 9 | 7 | - | - |
| **Iomlán** | **199** | **272** | **126** | **168** |

Mhéadaigh líon na gcruinnithe a reáchtáladh in 2023 i gcomparáid le 2022. Mhéadaigh an figiúr ó 199 cruinniú go 272 cruinniú. Mhéadaigh líon na bpleananna freagartha éigeandála adhaimsire a chuir údaráis áitiúla i bhfeidhm freisin, a mhéadaigh ó 126 plean in 2022 go 168 plean in 2023.

Tá athrú áirithe tagtha ar an bpríomhchúis ina gcuirtear pleananna freagartha éigeandála i bhfeidhm, áfach. Tháinig laghdú suntasach ar líon na bpleananna a cuireadh i bhfeidhm de bharr Gaoth Chósta, a thit ó 27 gníomhachtú (21%) in 2022 go 4 gníomhachtú (2%) in 2023. Rinne méadú ar líon na dtarluithe Gaoithe é seo a fhritháireamh áfach, rud as a tháinig gníomhachtú. Mhéadaigh siad ó 33 (26%) in 2022 go 58 (35%) in 2023.

Tháinig méadú ar tharluithe báistí freisin, as a cuireadh plean i bhfeidhm, ó 36 (29%) in 2022 go 53 (32%) in 2023, mhéadaigh líon na dtarluithe Teocht Íseal freisin, a mhéadaigh ó 10 (8%) in 2022 go 20 (12%) in 2023 agus Stoirmeacha Toirní, a mhéadaigh ó 3 (2%) in 2022 go 17 (10%) in 2023..

Tábla 15 Líon na bpleananna freagartha éigeandála adhaimsire a cuireadh i bhfeidhm

| Tarlú Aimsire | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| Gaoth | 33 | 58 |
| Báisteach | 36 | 53 |
| Teocht Íseal/Sioc | 10 | 20 |
| Stoirmeacha Toirní | 3 | 17 |
| Sneachta/Sioc | 15 | 14 |
| Gaoth Chósta | 27 | 4 |
| Teocht Ard | 0 | 2 |
| Ceo/Ceo Seaca | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **126** | **168** |




Figiúr 10 Príomhtharlú aimsire a bhaineann le Pleananna Freagartha Éigeandála Aimsire a cuireadh i bhfeidhm

## Athrú Iompraíochta Inmheánach & Forbairt Acmhainní

Is ar na páirtithe leasmhara go léir atá an fhreagracht aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide trí ghníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear foireann an údaráis áitiúil agus baill thofa. Gheall an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019[7] "straitéis oiliúna fhadtéarmach (idir theicniúil agus iompraíoch) a chur i bhfeidhm agus a chur ar fáil do bhaill foirne an Údaráis Áitiúil chun acmhainn chuí a sholáthar don earnáil chun gníomhú ar son na haeráide a bhaint amach" (lth 4). Comhordaíonn an GONSÚÁ[8] seachadadh na hoiliúna d'fhoireann an údaráis áitiúil ar fad, ní hamháin iad siúd a oibríonn go díreach sa réimse, chomh maith le baill thofa. Roghnaíodh sonraí maidir leis an ngníomhaíocht oiliúna seo mar phríomhtháscaire faoin téama athrú iompraíochta agus forbairt acmhainní, mar a rinneadh ar líon na bhFBManna a bhaineann leas as an gClár Green for Micro de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúil.

### Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide

Léiríonn sonraí ón GONSÚÁ gur fhreastail foireann an údaráis áitiúil agus comhairleoirí ar 8,965 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide in 2023, is méadú é seo ó 3,735[9] in 2022. Le linn na trí bliana,( 2021-2023), freastalaíodh ar 25,977 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide. Bhí an leibhéal gníomhaíochta ab airde sa chéad bhliain, 2021, nuair a freastalaíodh ar 13,277 áit.




Figiúr 11 Líon na n-áiteanna oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide ar a bhfreastalaíonn foireann agus baill thofa gach bliain.

7 gov - an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil (www.gov.ie)

8 Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil | GONSÚÁ

9 Thuairiscigh údaráis áitiúla 3,509 áit oiliúna ar an iomlán in 2022. Tháinig figiúr athbhreithnithe de 3,735 mar thoradh ar athbhreithniú a rinne an GONSÚA ar áiteanna ina dhiaidh sin.

Bhí ball foirne ag gach údarás áitiúil a d'fhreastail ar áiteanna oiliúna gach bliain le linn na tréimhse trí bliana. Ba chlaonadh ag na húdaráis áitiúla níos mó freastal ar an líon ba mhó áiteanna oiliúna.




Bhí ball foirne ag gach údarás áitiúil a d'fhreastail ar áiteanna oiliúna gach bliain le linn na tréimhse trí bliana. Ba chlaonadh ag na húdaráis áitiúla níos mó freastal ar an líon ba mhó áiteanna oiliúna.

## Tionsnamh Gnó Green for Micro

*"Léiríonn taighde go mbíonn rath níos mó ar chleachtais éifeachtacha i leith gníomhaithe go háitiúil ar son na haeráide má ghlacann bardais ról an éascaitheora chucu féin, agus gníomhairí á gcumasú laistigh de theorainneacha bardasacha chun gníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm."*

Clarke (2021) lth.14

Seoladh an clár Green for Micro i Márta 2021 agus is trí Oifigí Fiontair Áitiúla an Údaráis Áitiúil (OFÁanna) a sholáthraítear an clár seo. Is é cuspóir an chláir seó ná "cabhrú le gnólachtaí beaga a ullmhú don gheilleagar ísealcharbóin, a bheidh níos tíosaí ar acmhainní sa todhchaí"[10]. Sa chéad bhliain, tacaíodh le 293 gnólacht (Oifig Fiontair Áitiúil (2022), lth.11)[11].

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán den chlár agus mhéadaigh líon na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht go 413 agus mhéadaigh sé seo arís go 554 in 2023. Ar an iomlán tacaíodh le 1,260 gnólacht trí chlár OFÁ an údaráis áitiúil.




Figiúr 13 Líon na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár Green for Micro gach bliain

[10] 2021-Feabh-OFÁ-Bróisiúr Green For Micro-DEIREADH-pdf.pdf(localenterprise.ie)
[11] OFÁ-Tuarascáil-Tionchair-2021-DEIREADH-IDIRLÍN.pdf (localenterprise.ie)

Léiríonn athbhreithniú sonraí 2022 agus 2023 go mbíonn rannpháirtithe ag gach OFÁ an údaráis áitiúil sa chlár gach bliain. Bhí méadú ag 21 údarás áitiúla ar líon na ngnólachtaí a ghlac páirt sa chlár in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí an líon céanna gnólachtaí ag dhá údarás áitiúla gach bliain agus bhí níos lú rannpháirtíochta ag ocht n-údarás in 2023 i gcomparáid le 2022.

Tábla 16 Líon na ngnólachtaí a ghlacann páirt sa clár Green for Micro de chuid OFÁ i ngach údarás áitiúil gach bliain

| Údarás Áitiúil | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 14 | 42 |
| An Cabhán | 1 | 16 |
| An Clár | 16 | 13 |
| Cathair Chorcaí | 18 | 19 |
| Contae Chorcaí | 33 | 37 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 12 | 23 |
| Dún na nGall | 9 | 21 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 7 | 33 |
| Fine Gall | 26 | 34 |
| Cathair na Gaillimhe | 8 | 19[12] |
| Contae na Gaillimhe | 10 | |
| Ciarraí | 18 | 18 |
| Cill Dara | 17 | 42 |
| Cill Chainnigh | 11 | 13 |
| Laois | 31 | 15 |
| Liatroim | 5 | 7 |
| Luimneach | 8 | 14 |
| Longfort | 18 | 13 |
| Lú | 16 | 11 |
| Maigh Eo | 6 | 13 |
| An Mhí | 9 | 16 |
| Muineachán | 18 | 15 |
| Uibh Fhailí | 4 | 7 |
| Ros Comáin | 16 | 17 |
| Sligeach | 1 | 10 |
| Baile Átha Cliath Theas | 22 | 21 |
| Tiobraid Árainn | 6 | 12 |
| Port Láirge | 15 | 15 |
| An Iarmhí | 17 | 18 |
| Loch Garman | 12 | 15 |
| Cill Mhantáin | 9 | 5 |
| **Líon Iomlán na gCruinnithe** | **413** | **554** |

[12] Cuireadh sonraí do Chathair agus Chontae na Gaillimhe le chéile in 2023.

# Conclúid

Ghabháil an tuarascáil PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 sonraí roghnaithe a léirigh ráta agus réimse gníomhaíochta um ghníomhú ar son na haeráide a tharla ar fud na n-údarás áitiúil le linn 2023 chomh maith leis na torthaí sin a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin. Is í an ghné chomparáideach a ligeann don earnáil monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus réimsí a aithint ina bhfuil dul chun cinn á dhéanamh agus inar féidir dúshláin a bheith ann.

Ba é 'príomhshruthú' an chéad téama a athbhreithníodh sa tuarascáil. Tuairiscíodh méadú suntasach ar líon na mball foirne ag obair go díreach mar fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus ba thoradh dearfach é seo. Ag an am céanna, tháinig laghdú ar líon na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2023, ach tháinig méadú ar líon na mball foirne údaráis áitiúil a bhí ina mball d'Fhoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide. Ar an dóigh chéanna, thit líon na bhfoghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2023 i gcomparáid le 2022 ach mhéadaigh líon na gcruinnithe a reáchtáladh ag na grúpaí seo, rud a léiríonn go bhfuil siad níos gníomhaí.

Faoin téama 'maolú', tugadh faoi deara méadú suntasach ar líon na dtionscadal Um Thaisteal Gníomhach atá á mbainistiú agus á gcur i gcrích ag údaráis áitiúla. Cabhróidh na tionscadail seo le fuinnimh a choigilt agus carbón a laghdú de réir mar a chuirtear réitigh taistil eile ar fáil don phobal. D'éascaigh an clár iarfheistithe tithíochta sóisialta iarfheistiú beagnach 2,500 teach sóisialta in 2023, agus bhí coigilt mhór fuinnimh agus carbóin mar thoradh air seo. Uasghrádaíodh formhór na dtithe seo go rátáil RFF B2 nó níos airde agus suiteáladh teaschaidéil i bhformhór na dtithe seo freisin. Ní raibh na sonraí ó ÚFIÉ 2023 a shonraíonn an choigilt fhoriomlán fuinnimh ó bhainistíocht acmhainní an údaráis áitiúil m.sh., foirgnimh agus flíteanna feithiclí an údaráis áitiúil, ar fáil ach in 2022, ba léir an choigilt charnach 2022.

Rinne údaráis áitiúla dul chun cinn ar leith maidir le gníomhartha 'Oiriúnaithe' a chur chun cinn. Mhéadaigh céatadán na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide a cuireadh i gcrích bliain i ndiaidh bliana idir 2021 agus 2023. Mhéadaigh an gá le freagairt do tharluithe adhaimsire freisin, áfach. Ar an ábhar sin, d'éirigh líon cruinnithe na Foirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire in 2023 chomh maith le líon uaireanta ba ghá na Pleananna Freagartha Éigeandála Adhaimsire a chur i bhfeidhm. Ba é an ghaoth an phríomhchúis a cuireadh pleananna i bhfeidhm in 2023, agus an bháisteach ina dhiaidh sin.

Ar deireadh, cuireadh na sonraí a bhaineann le 'hAthrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní' i láthair. Léirigh na sonraí gur fhreastail baill foirne agus baill thofa ar bheagnach 26,000 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide an údaráis áitiúil idir 2021 agus 2023. Faoin téama seo, mhéadaigh líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as an gclár Green for Micro OFÁ gach bliain idir 2021 agus 2023, ghlac beagnach 1,300 gnólacht páirt sa chlár thar thréimhse trí bliana.

Ar an iomlán d'éirigh go maith leis na húdaráis áitiúla in 2023 agus le trí bliana anuas, bunaithe ar athbhreithniú ar na PTFanna um ghníomhú ar son na haeráide atá sa tuarascáil seo. Is cosúil gurb é an príomhdhúshlán atá romhainn ná Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide oibríochta a chothú. Cuireann saincheisteanna a bhaineann le hearcú foirne agus pleanáil ghinearálta don lucht saothair leis an tsaincheist seo, ar gá aghaidh a thabhairt uirthi as seo amach.

Ar deireadh, leathnaíodh an táscaire iarfheistithe tithíochta sóisialta in 2023 chun sonraí luachmhara breise a chur san áireamh lena dtugtar léargas níos leithne ar raon feidhme agus scála an tionscadail. As seo amach, d'fhéadfaí cur chuige comhchosúil a ghlacadh i leith na dtionscadal Um Thaisteal Gníomhach nó na Gníomhartha Oiriúnaithe d'fhonn léargais níos saibhre a thabhairt ar na réimsí tábhachtacha seo.

# Leabharliosta


CBCC agus CARO, 2021; Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a sheachadadh 2030

Clarke, D. 2021. *Léirbhreithniú ar an litríocht maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil*

Clarke, D, 2022. *Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil - i gComhthéacs Éireannach*

Rialtas na hÉireann, 2019. *An Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide d'Údaráis Áitiúla agus don Aire Cumarsáide,um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil thar ceann an Rialtais*

Oifig Fiontair Áitiúil, 2022. *Tuarascáil Tionchair 2021*

CNMI, 2023. *Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta d'Údaráis Áitiúla 2022*

Tuarascáil an Rialtais Áitiúil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar Son na hAeráide 2023

CARO

LGMA
Local Government Management Agency

CCMA
Cumann Lucht Bainistiochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association